
# Tomhais: Ag tomhas – Moltaí don timpeallacht foghlama

## SMAOINTE DON SEOMRA RANGA


- Téigh i mbun tóraíocht tomhais timpeall an tseomra ranga m.sh., aimsigh earraí atá níos faide/níos giorra ná an maide líreacáin/10cm, níos troime/níos éadroime ná do mhála scoile/2kg. Tabhair dhá chritéar isteach, m.sh., *aimsigh earra atá níos mó ná 20 ceintiméadar ar fad agus níos mó ná 100 gram de réir meáchain.*
- Cruthaigh taispeántas tomhais sa seomra ranga. Cuir tagarmharcanna de thomhais éagsúla san áireamh, m.sh., *d'fhéadfaí 1m, 1kg, 1l,* 1 mhéadar cearnach a thaispeáint chomh maith le stáisiún meastacháin, m.sh., *"Má tá 50 ciúb i gcoimeádán A, cé mhéad atá i gcoimeádán B, dar leat?"*
- Boscaí mistéire: Agus dhá bhosca mhóra á n-úsáid agat, líon ceann acu le hearraí amhail leabhair chun é a dhéanamh níos troime. Spreag an scoláire gan na boscaí a ardú ach iad a bhrú agus a tharraingt chun fáil amach cé acu ceann atá níos éadroime/troime.
- Déan fad, leithead, doimhneacht agus meáchan na mbeartán a mheas agus a thomhas chun poist postais a ríomh. D'fhéadfaí suíomh gréasáin An Post a úsáid chun costais chearta gach beartáin a ríomh: https://www.anpost.com/Post-Parcels/Sending/Sending-Guide.
- Fiosraigh tréithe intomhaiste éagsúla (m.sh., *fad, leithead, toilleadh, achar dromchla, meáchan*) de bhoscaí lóin scoláirí, de bhoscaí cairtchláir, srl. Cuir ceisteanna a chuireann dúshlán roimh smaointeoireacht na bpáistí maidir le tomhas, m.sh., *an é an bosca lóin leis an toilleadh is mó an rogha is fearr i gcónaí chun mo lón a choinneáil? Cén bosca nó cé acu boscaí ba cheart dom a úsáid chun ár dtéacsleabhair matamaitice go léir a phacáil agus a iompar go sábháilte?*
- Dear nuamhaisiú de sheomra leapa ag tarraingt gormchló na háite. Úsáid teicneolaíocht dhigiteach chun tomhais troscáin seomra leapa a fháil a bheadh oiriúnach don seomra leapa.
- Úsáid geochláir chun imlíne cruthanna a cruthaíodh le bandaí leaisteacha a fhiosrú.
- Úsáid páipéar ceintiméadar cearnach chun achar ainm na scoláirí a tharraingt agus a thaifeadadh i mbloclitreacha. D'fhéadfaí dúshlán a thabhairt roimh scoláire focal a tharraingt le hachar socraithe, m.sh., *100 ceintiméadar cearnach.*



## SMAOINTE LASMUIGH DEN SEOMRA RANGA

- Cruthaigh taispeántas "An bhfuil Tú Chomh hArd Le?" le pictiúir agus airde ainmhithe, carachtair nó daoine cáiliúla.
- Iarr ar ionadaí ó thionscal áitiúil nó ar thuismitheoir cuairt a thabhairt ar an scoil agus labhairt faoin gcaoi go n-úsáideann siad tomhais ina gcuid oibre laethúla.
- Úsáid póstaeir Maths Eyes mar spreagadh chun tomhas a phlé, m.sh., *tríd an suíomh gréasáin* https://haveyougotmathseyes.com *agus glac páirt i dtóraíocht tomhais timpeall na scoile. Lig do na páistí grianghraif a ghlacadh dá gcuid torthaí agus iad a thaispeáint.*
- Úsáid an aimsir mar spreagadh chun tomhas a fhiosrú, m.sh. *báisteach, luas na gaoithe, teocht*. D'fhéadfaí aipeanna aimsire nó Met Éireann a úsáid chun eolas a fháil (https://www.met.ie/climate/what-we-measure). Fiosraigh an chaoi a bhféadfadh an scoláire an aimsir a thaifeadadh, m.sh., *méadar báistí a chruthú as buidéal plaisteach chun báisteach a thomhas*.
- Úsáid na Cluichí Oilimpeacha mar spreagadh nó mar théama do Lá Spóirt na scoile. Pléigh conas a úsáidtear tomhais i ndisciplíní éagsúla, m.sh., *rith, léim fhada, tógáil meáchan*. Tomhais achair na ngníomhaíochtaí éagsúla i gCorpoideachas, m.sh., *mála pónairí a chaitheamh, liathróid a chaitheamh, léim fhada, léim in airde*.
- Scrúdaigh catalóg ollmhargaidh agus pléigh an chaoi a n-úsáidtear tomhas agus tú ag siopadóireacht. Cruthaigh liosta siopadóireachta bunaithe ar na comhábhair a theastaíonn le haghaidh oidis. D'fhéadfaí daltaí a spreagadh chun ceisteanna a chruthú bunaithe ar thomhais ón gcatalóg.





Arna fhorbairt i gcomhar le **Sarah Keane, Múinteoir Bunscoile, Co. an Chláir**